An tSeirbhís Phromhaidh

Tuarascáil Bhliantúil 2010

Teach Áth Luimnigh, Baile Sheáin, An Uaimh, Contae na Mí
Fón: +353-(0)46 - 9090900 *Feaics:* +353-(0)1-9090992

www.probation.ie

CLÁR ÁBHAIR

TUAIRISC AN STIÚRTHÓRA Leathanach 4

RÉAMHRÁ Leathanach 5

FEIDHMIÚCHÁN IN AGHAIDH PHLEAN GNÓ 2008-2010 Leathanach 7

SEACHADADH SEIRBHÍSÍ Leathanach 13
- Measúnú, Maoirseacht agus Bainistiú Chiontóir Aosaigh Leathanach 13
- Promhadh Daoine Óga Leathanach 14
- Seirbhís Pobail Leathanach 15
- Tionscnaimh Phobail Leathanach 16

EOCHAIRTHIONSCNAIMH I 2010
- Seirbhís Pobail Leathanach 18
- Cláir Bunaithe sa Phobal Leathanach 20
- Oibriú i bPáirtíocht Leathanach 23

RIALACHAS CORPARÁIDEACH AGUS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA Leathanach 24
- Struchtúr Eagraíochtúil Leathanach 24
- Airgeadas Leathanach 25
- Costáil Leathanach 25
- Acmhainní Daonna Leathanach 26
- Oiliúint Fhoirne Leathanach 28
- Faisnéis Leathanach 28
- Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide Leathanach 29
- Faisnéis Bhainistithe Leathanach 29

TREONNA SA TODHCHAÍ

AGUISÍNÍ Leathanach 31
- Gluais Téarmaí Leathanach 32
- Airgeadais Leathanach 34
- Staitisticí 2010 Leathanach 36
- Eagraíochtaí Pobalbhunaithe Leathanach 44

Tá mé an-sásta Tuarascáil Bhliantúil an tSeirbhís Phromhaidh a chur i láthair Alan Shatter T.D., an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Leagan an tuarascáil seo obair agus feidhmiú na seirbhíse i rith 2010 in aghaidh ár n-eocharspriocanna agus tugann sí fianaise ar an méid ar chuireamar le misean na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun slándáil an phobail a chothabháil agus a fheabhsú agus sochaí chothrom a chur chun cinn.

Caithfear déileáil le coireacht le smachtbhanna éifeachtach agus in go leor cásanna is smachtbhanna pobail atá anseo. Tugtar le luath-thuiscint ó chomhairliúcháin an Pháipéir Bháin ar Choireacht go bhfuil tacaíocht ann do mheasarthacht phíonósach, níos mó úsáide a bhaint as smachtbhannaí neamhchoinneála, luathidirghabháil agus modhanna cosctha. Mheas siad gur cheart go mbeadh athshlánúchán mar phríomhchuspóir ar smachtbhannaí coiriúla. Thacaigh siad chomh maith le húsáid níos mó a bhaint as Orduithe Seirbhís Pobail, orduithe ar cheart a bheith á ndéanamh i bpobail an chiontóra féin leis na leasanna atá mar thoradh orthu a chur ar eolas an phobail.

Mharcáil 2010 an bhliain dheiridh dár straitéis trí bliana uaillmhianach ag lonnú an tSeirbhís Phromhaidh go daingean don todhchaí. Bhí athfhócasú Seirbhís Phobail mar eochairsprioc dár straitéis agus i rith na bliana rinne an tSeirbhís dul chun cinn suntasach ar an sprioc seo a bhaint amach leis an bpíolóta rathúil den mhúnla nua seirbhíse. Seachadann Seirbhís Phobail coigiltis airgeadais shuntasacha. Is smachtbhanna i bhfad níos saoire í ná príosúntacht agus bhain pobail fíorleasanna as an obair ar tugadh faoi.

Aithnímid tábhacht cur chuige ilghníomhaireachta cuimsitheach chuig aghaidh a thabhairt ar choiriúlacht agus i rith na bliana d'oibríomar i gcomhar le heagraíochtaí eile sa chóras ceartais choiriúil – mar shampla, an tSeirbhís Chúirteanna, Seirbhís Príosún na hÉireann, Seirbhís Ceartas Óige na hÉireann agus an Garda Síochána.

Lean ár dtiomantas chuig páirtíocht le heagraíochtaí promhaidh eile, san Eoraip agus ar oileán na hÉireann ar aghaidh i 2010. Chomh maith le geallshealbhóirí eile tá dul chun cinn suntasach déanta againn inár n-obair leis na nGrúpa Comhairleachta Cosaint an Phobail a raibh seimineár a reáchtáladh ag ár gceannceathrú réigiúnach i mBaile Átha Cliath mar bhuaicphointe. Léirigh an seimineár seo an comhoibriú leathan atá ag tarlú idir na Seirbhísí Promhaidh, Tuaisceart agus Deisceart.

Tá an tSeirbhís Phromhaidh tar éis a bheith trí ollphróiseas athraithe thar na trí bliana den straitéis seo agus bhí an bhaint a bhí ag ár bhfoireann ar fad leis criticiúil chun a chinntiú go leanfaimid ar aghaidh le measúnú agus maoirseacht ar chiontóirí ar ardchaighdeán a sheachadadh. Aithnímid nach mbeadh seachadadh Seirbhísí Ceartais infheidhmithe gan cur chuige comhoibríoch agus tá tacaíocht na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais riachtanach don obair a dtugaimid faoi.

Marcáileann 2011 tús d'aistear nua don tSeirbhís Phromhaidh, aistear ina bhfeicfear ár dtógáil ar na bunsraitheanna daingne atá bunaithe againn. Aistear ina léireoimid ár gcutlúr sármhaitheasa agus ár dtiomantas chuig seirbhísí poiblí proifisiúnta den chéad ghrád a ofráil. Tá misneach agam as an tSeirbhís Phromhaidh, go mbeidh sí in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá romhainn ar fad agus réitithe réalacha a ofráil don tsochaí agus don chóras ceartais choiriúil.

Stiúrthóir, Iúil 2011

Ról an tSeirbhís Phromhaidh

Is gníomhaireacht í an tSeirbhís Phromhiadh laistigh den Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Oibríonn an tSeribhís go dlúth leis an tSeirbhís Chúirteanna, Seirbhís Príosún na hÉireann, An Garda Síochána Seirbhís Ceartas Óige na hEireann and Bord Parúil agus go leor eagraíochtaí sa phobal. Is é ár ról ná cur le sábháilteacht an phobail le:

- Measúnú agus bainistiú éifeachtach ar chiontóirí
- Dúshlán a thabhairt d'iompar chiontóra
- Comhtháthú iarchiontóirí a éascú

Is muid an phríomhghníomhaireacht i measúnú agus bainistiú ar chiontóirí sa phobal agus tá ról tábhachtach againn i gcabhrú leis an leibhéal coiriúlachta a laghdú trí oibriú le ciontóirí chun a n-iompar a athrú agus réiteach a dhéanamh ar an dochar a rinne siad lena gciontóireacht. Is é ár gcuspóir ná measúnú caighdeánach agus bainistiú láidir ar chiontóirí a chur ar fáil ag úsáid an cleachtas promhaidh fianaise-bhunaithe is fearr agus ag comhlíonadh na gcaighdeán is airde d'éifeachtúlacht agus do chuntasacht.

Treoraíonn an creideamh go gcaithfidh smachtbhanna éifeachtach a bheith mar chosc ar choireacht ár Seirbhís agus áit a bhfuil smachtbhannaí pobail cuí soláthraíonn siad réiteach cuí ar choinneáil. Soláthraíonn an tSeirbhís Phromhaidh maoirseacht phromhaidh, seirbhís pobail, cláir iompar dhúshlánacha agus seirbhísí tacaíochta speisialaithe chuig idir chiontóirí aosacha agus óga. Oibrímid freisin i bpríosúin chun ciontóirí a athshlánú agus comhtháthú a éascú.

FEIDHM REACHTÚIL

Foráileann an tAcht um Phromhadh ar Chiontóirí (1907) do mhaoirseacht reachtúil ar chiontóirí sa phobal agus is é an bhunsraith é d'obair phromhaidh in Éirinn. Bíonn baint againn le próiseas an cheartais choiriúil sna céimeanna **trialach** agus **smachtbhanna**, go minic i gcásanna a dteastaíonn measúnú réamhsmachtbhanna ó chúirt chun cabhrú le cinneadh a dhéanamh ar smachtbhanna cuí. I gcásanna ar leith, beidh an chúirt ag meas ciontóir a chur ar mhaoirseacht **phromhaidh** nó **seirbhís pobail**.

Tá reachtaíocht chuí eile liosaithe thíos:

- An tAcht um Fhíneáil 2010
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (2006)
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Scaoileadh Sealadach de Phríosúnaigh) 2003
  An tAcht Leanaí, 2001 (mar a leasaíodh)
- An tAcht um Chiontóirí Gnéis, 2001
- An tAcht um Aistriú Daoine 1995 & 1997
- An tAcht um Cheartas Coiriúil, 1993
- An tAcht um Mhí-úsáid Drugaí, 1977 & 1984
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Seirbhís Pobail), 1983
- An tAcht um Cheartas Coiriúil 1960
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Riaradh), 1914
- An tAcht um Phromhadh ar Chiontóirí, 1907

I 2010, chuir an tSeirbhís le hobair na Roinne Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí i ndáil le dréachtú reachtaíochta d'obair phromhaidh nua-aimseartha.

Chomh maith leis an mBunreacht agus reachtaíocht chuí tá ár gcleachtas treoraithe ag

- Rialacha na Náisiúin Aontaithe ar Smachtbhannaí Pobail Mhaoirsithe
- Rialacha Eorpacha Chomhairle na hEorpa ar Smachtbhannaí agus Comhstrataim Phobail.
- Rialacha na Náisiúin Aontaithe ar Mhaoirseacht Chiontóirí Óga
- Cód Eitice Chumann Oibrithe Sóisialta na hÉireann agus Feidreálacht Idirnáisiúnta na nOibrithe Sóisialta
- Moladh CM/Rec (2010) 1 de Chomhairle na nAirí chuig ballstáit ar Rialacha Promhaidh Chomhairle na hEorpa
- Cinneadh Creata 2008/947/JHA ar chomhaitheantas comhshrataim phromhaidh

FORBHREATHNÚ STRAITÉISEACH

Inár bplean gnó straitéiseach 2008-2010, d'imlínigh an tSeirbhís Phromhaidh an treochlár chun a bheith ar cheann de na príomhsheirbhísí phromhaidh san Eoraip, tiomanta don sármhaitheas agus úsáid den deachleachtas promhaidh fianaise-bhunaithe is fearr i seachadadh ár seirbhísí.

Mharcáil 2010 an bhliain dheiridh agus in go leor bealaí an bhliain ba dhúshlánaí dár gclár 3 bliana uaillmhianach ina raibh athruithe suntasacha ar an timpeallacht oibríochta de gach seirbhís phoiblí. Sa chuid seo den tuarascáil, tá sé mar aidhm againn ár bhfeidhmiúchán thar chúrsa an Phlean Gnó a mheas agus roinnt eochair-éachtaí a comhlánaíodh i 2010 a aibhsiú.

1. AIDHM STRAITÉISEACH – ARDCHAIGHDEÁN MEASÚNAITHE AGUS MAOIRSITHE AR CHIONTÓIRÍ AOSACHA

Déanann Oifigigh Phromhaidh measúnuithe do réimse comhlachtaí ina n-áirítear na Cúirteanna, an Bord Parúil and Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí, Seirbhís Cheartas Óige na hÉireann agus Seirbhís Phríosún na hÉireann. Cabhraíonn na measunuithe seo le cinntí a dhéanamh ar phianbhreith a ghearradh agus i mbainistiú ciontóra. Tharla athrú ar phátrún na n-atreoruithe mar thoradh ar athosaíochtú ár n-idirghabhála agus ár gcomhairliúcháin leis na Breithiúna agus geallshealbhóirí eile i 2010.

Chun a chinntiú go bhfuil idirghabháil phromhaidh cuí agus dírithe ar an áit is mó éifeachta í, tosaíonn gach obair atá atreoraithe chuig an tSeirbhís le measúnú. Déanann an tOifigeach Promhaidh measúnú ar an riosca atá atá ag duine sa sochaí agus na fachtóirí a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu chun na rioscaí seo a laghdú. Bainistíonn Oifigigh Phromhaidh ciontóirí sa phobal ar réimse smachtbhannaí pobail agus i rith 2010 leanamar ar aghaidh nósanna imeachta bainistiú cáis chuí a chur i ngníomh bunaithe ar chreat tosaíochta na Seirbhíse agus leibhéal an riosca d'athchiontú.

I rith 2010, bhí san áireamh sa ghníomh suntasach in aghaidh an chuspóir Straitéiseach seo:

- Cur i láthair agus anailís ar réimse ionstraimí measúnú riosca, ina áirítear Fardal Leibhéal Seirbhíse – Maitrís Riosca 2000 Athbhreithnithe (LSI-R), chomh maith le measúnú riosca ar dhéantóir coire fhoréigin teaghlaigh.
- Páirtíocht leis an tSeirbhís Chúirteanna agus na Breithiúna go lárnach, go réigiúnach agus go háitiúil chun seachadadh seirbhíse a uasmhéadú laistigh de chomhthéacs chreat tosaíochta na Seirbhíse agus srianta acmhainne.
- Tosaíochtú measúnaithe agus bainistiú tríd-chúram phríosúnaigh, i bpáirtíocht le Seirbhís Príosún na hÉireann, áit a bhfuil freagracht reachtúil ag an tSeirbhís nó atá aithinte mar chatagóir tosaíochta.
- Páirtíocht réamhghníomhach leis na Gardaí, an Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí agus an tSeirbhís Chúirteanna chun éifeachtúlacht nósanna imeachta forfheidhmithe a fheabhsú.

- Tús a chur le plean cur i ngníomh do bhainistiú chiontóirí ar riosca íseal.

2. AIDHM STRAITÉISEACH – FREAGRAÍ POBALBHUNAITHE AR DHAOINE ÓGA A CHOINTAÍONN

Is rannóg speisialaithe í Promhadh Dhaoine Óga (PDÓ) den tSeirbhís Phromhaidh a bunaíodh chun oibriú le leanaí agus daoine óga ar aois 12-18 bliain a thagann roimh na Cúirteanna nó atá i Scoileanna Coinneála Leanaí. Déanann an tAcht Leanaí 2001 foráil do réimse smachtbhannaí pobail atá ar fáil do na Cúirteanna le PDÓ.

I rith 2010, lean an PDÓ ar aghaidh ag obair go dlúth le Seirbhís Cheartas Óige na hÉireann (SCÓÉ) agus Oifig an Aire Leanaí chun seachadadh a dhéanamh ar na gnímh bhainteacha sa Straitéis SCÓÉ. Trí obair ilghníomhaireachta agus comhoibriú leis an nGarda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus eagraíochtaí bainteacha eile sheachad an tSeirbhís freagraí pobalbhunaithe éifeachtacha do bhainistiú dhaoine óga a chiontaíonn.

I rith 2010, bhí san áireamh sa ghníomh suntasach in aghaidh an chuspóir Straitéiseach seo:

- Bunú ghrúpa oibre náisiúnta ar cheartas aisiríoch agus fóram le hobair le ciontóirí óga;
- Rannpháirtíocht ar Choistí Seirbhís do Leanaí;
- Malartú faisnéise curtha ar bhonn foirmiúil le Breithiúna trí huaire in aghaidh na bliana trí SCÓÉ;
- Seachadadh ar Chlár Teaghlaigh a Threisiú;
- Rolláil amach an Chlár Dvice do chiontóirí óga go náisiúnta;
- Baint a bheith leis na cláir Tionscnamh Idir-Ghníomhaireachta an Taobh ó Thuaidh (TITT) agus Tionscnamh Idir-Ghníomhaireachta an Taobh ó Dheas a idirghabhálann le daoine óga a dhéanann ciontóireacht ghnéis.

3. AIDHM STRAITÉISEACH – ATHFHÓCAS AGUS ATHBHRANDÚ AR SHEIRBHÍS POBAIL

In áit téarma príosúin, d'fhéadfaí go dtabharfaí deis do chiontóirí ciontaithe obair neamhíoctha a dhéanamh don phobal ón gCúirt. Ceadaíonn an reachtaíocht d'Orduithe Seirbhís Pobail do Bhreitheamh pianbhreith a chur ar chiontóir do idir 20 agus 240 uair oibre.

Caithfidh an ciontóir a bheith 16 bliain d'aois nó os a chionn chun a bheith san áireamh agus caithfidh aon Ordú a dhéantar a bheith comhlánaithe laistigh de bhliain. Is malairt dhíreach í Seirbhís Pobail ar théarma príosúin agus ní dhéanfaidh Breitheamh ordú ach amháin áit ar cuireadh téarma coinneála san áireamh ar dtús.

D'úsáid an tSeirbhís Phromhaidh cinntí na tuairisce Luach ar Airgead (LaA) 2009 ar an scéim Seirbhís Pobail chun múnla nuálach de Sheirbhís Pobail a fhorbairt, ag tabhairt isteach éifeachtúlachtaí mhéadaithe, réitithe praiticiúla agus fuinneamh nua chuig Seirbhís Pobail sa 21ú hAois. Rinneadh píolótú ar an múnla nua Seirbhís Pobail i limistéir Bhaile Átha Cliath ó Eanair 2010 ar mhaithe lena thabhairt isteach go náisiúnta.

Cuimsíonn an múnla nua cleachtais agus modhanna oibríochta nua, córais bhainistithe nua agus fócas méadaithe ar rialachas foriomlán agus úsáidíocht an láthair oibre. Is toradh tábhachtach ar an gcur chuige seo ná go bhfuil soiléireacht agus tréadhearcacht i mbainistiú oibre feabhsaithe. Tuigeann gach rannpháirtí sa phróiseas, ina áirítear an ciontóir, a dtascanna, a bhfreagrachtaí agus a gcuntasacht.

I rith 2010, bhí san áireamh sa ghníomh suntasach in aghaidh an chuspóir Straitéiseach seo:

- Bunú foirne tiomnaithe seirbhís pobail i mBaile Átha Cliath le tacaíocht riaracháin fheabhsaithe agus próisis nua
- Comhairliúchán le geallshealbhóirí ar an múnla nua Seirbhís Pobail
- Meadú i líon na n-atreoruithe d'orduithe seirbhís pobail i mórcheantar Bhaile Átha Cliath
- Leathnú amach an tionscnamh seirbhís pobail baint ghraifítí chuig limistéir Chomhairle Bhaile Átha Cliath
- Tóraíocht ghníomhach de thionscnaimh obair thimpeallachta
- Measúnú iomlán ar an múnla nua
- Píolótú ar mheasúnuithe lá céanna ag Cúirteanna Ceartas Coiriúil, Baile Átha Cliath

4. AIDHM STRAITÉISEACH – MAOIRSEACHT AGUS BAINISTIÚ ÉIFEACHTACH TRÍ MHEASÚNÚ RIOSCA CUÍ AR CHIONTÓIRÍ ARDRIOSCA

Oibríonn an tSeirbhís le ciontóirí atá faoi choinneáil, i gcomhar le seirbhísí eile, leis an aidhm shoiléir den riosca d'athchiontóireacht ón gciontóir i ndiaidh scaoileadh amach a laghdú. D'aithin an tSeirbhís líon grúpaí tosaíochta de chiontóirí lena ndéanfaidh sí fócasú ar a cuid oibre i gcoinneáil, le fócas láidir ar oibriú le ciontóirí ar ardriosca. San áireamh ar na grúpaí tosaíochta atá aitheanta tá na príosúnaigh sin a mbeidh dualgas reachtúil maoirseachta ag an tSeirbhís orthu i ndiaidh scaoileadh.

Ó ritheadh Acht um Chiontóir Gnéis 2011, thóg an tSeirbhís Phromhaidh céimeanna sonrúla agus forchéimnithe chun an cleachtas is fearr a bheith ann ina bainistiú ar chiontóirí gnéis.

I rith 2010, bhí san áireamh sa ghníomh suntasach in aghaidh an chuspóir Straitéiseach seo:

- Rannpháirtíocht i gcoiste na Roinne Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí ar Bhainistiú Chiontóir Gnéis ar Ardriosca
- Comhtháthú measúnú Riosca isteach in obair i bpríosúin
- Cur i ngníomh nósanna imeachta cáis bunaithe ar leibhéal riosca
- Forbairt treoirlínte Seirbhíse ar bhainistiú chiontóirí a bhfuil pianbhreith curtha orthu faoi Roinn 99(4) den Acht um Cheartas Coiriúil 2006

- Forbairt agus cur i ngníomh múnla éifeachtach tríd-chúram ó choinneáil do chiontóirí ar ardriosca mar chuid de Bhainistiú Pianbhreith Chomhtháthaithe

- Prótacail aontaithe le Seirbhís Príosún na hÉireann ar bhainistiú phríosúnaigh téarma saoil agus ciontóirí gnéis faoi choinneáil.

5. AIDHM STRAITÉISEACH – ÉIFEACHT A UASMHÉADÚ AR SHÁBHÁILTEACHT PHOBAIL AGUS IONCLÚID SHÓISIALTA TRÍ OBAIR PHÁIRTÍOCHTA LE GEALLSHEALBHÓIRÍ

Oibrímid go dlúth leis na gníomhaireachtaí eile sa chóras ceartas coiriúil chun pobail a dhéanamh níos sábháilte. Comhoibrímid chomh maith le gníomhaireachtaí i ndlínsí eile, go háirithe i gcásanna áit a mbogann ciontóirí idir thíortha. I rith 2010 leanamar ar aghaidh lenár bpáirtíocht i bPromhadh na hEorpa i CEP, (Conférence Permanente Européenne de la Probation) agus d'fhorbraíomar caidrimh láidre oibre le heagraíochtaí Promhaidh go hidirnaisiúnta a bhfuil saincheisteanna cosúla rompu cosúil linn féin agus áit ar féidir linn comhfhoghlaim a dhéanamh, chomh maith le comhoibriú oibríochta a mhéadú.

Oibrímid go dlúth chomh maith le réimse leathan eile ranna agus gníomhaireachtaí páirtnéireachta, lena n-áirítear iad siúd sna rannógaí reachtúla, deonacha agus pobail, chun ár gcomhspriocanna de shochaí níos fearr agus níos sábháilte a bhaint amach. Tá eochair-ról le himirt ag an tSeirbhís Phromhaidh i gcomhoibriú le gníomhaireachtaí eile mar fhreagra ar fhoréigin teaghlaigh a gcaithfear aghaidh a thabhairt air trí iarracht chomhordaithe. Ag leibhéal straitéiseach, reácháladh plé le Foras Áiseanna Saothair (FÁS) agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) chun comhordú agus an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní a chinntiú. Tá an tSeirbhís ag glacadh páirte sna tionscnaimh thrialacha mheasúnaithe roinnte agus i gcomhordú ar mhaoiniú d'eagraíochtaí pobalbhunaithe do chóireáil andúile.

I rith 2010, bhí san áireamh sa ghníomh suntasach in aghaidh an chuspóir Straitéiseach seo:

- Reáchtáil den chéad chomhsheimineár Grúpa Comhairliúcháin Cosaint Phoiblí (An tSeirbhís Phromhaidh/Bord Promhaidh do Thuaisceart Éireann).
- Tugadh faoi obair ar chur i ngníomh an Chinneadh Creata 2008/947/JHA (FD) ar chomhaitheantas ar nósanna imeachta promhaidh
    - Cur i láthair ag seimineár ar chur i ngníomh praiticiúil agus reachtaíochta den FD sa Bheilg (Iúil 2010)
    - Teagmhálacha a chothú le Tuaisceart Éireann, an Ríocht Aontaithe agus Albain mar chuid de líonra garchomharsana
    - Bunú ghrúpa Chinneadh Creata 2008/947/JHA (FD) le hionadaithe Roinne (polasaí agus reachtach)
- Oiliúint Bhainistiú Riosca 2000 déanta i gcomhar leis an nGarda Siochána agus an tSeirbhís Phromhaidh

6. AIDHM STRAITÉISEACH – LUACH BREISE DE THIONSCNAIMH MHAOINITHE A UASMHÉADÚ CHUIG OBAIR NA SEIRBHÍSE

Mar chuid de chuspóir na Seirbhíse chun athrú dearfach a bheith in iompar chiontóirí bhunaigh an tSeirbhís páirtnéireachtaí le tionscnaimh pobalbhunaithe a thacaíonn agus a chuireann le luach chuig obair na Seirbhíse. I 2010, úsáideadh timpeall 31% d'ollchaiteachas an tSeirbhís Phromhaidh chun maoiniú a chur ar fáil do réimse tionsnamh.

Oibríonn na tionscnaimh phobail seo timpeall na tíre go dlúth le foireann an tSeirbhís Phromhaidh sa phobal agus sna príosúin, a atreoraíonn ciontóirí chucu chun a athchomhtháthú agus athlonnú mar bhaill dhearfacha, pháirteacha dá bpobail a fheabhsú. Is í an eochairthosaíocht i leithdháileadh maoiniú an tSeirbhís Phromhaidh chuig eagraíochtaí pobalbhunaithe ná tacú le agus cuspóirí agus obair na Seirbhíse a fheabhsú.

I rith 2010, bhí san áireamh sa ghníomh suntasach in aghaidh an chuspóir Straitéiseach seo:

- Leathnú ar chaidrimh straitéiseacha agus comh-mheasúnuithe le gníomhaireachtaí páirtnéireachta
- Measúnú agus athbhreithniú ar chláir mhaoinithe roghnaithe
- Bainistiú de phróiseas bliantúil an phlean gnó
- Monatóiriú ar chur i ngníomh na n-idirghabhálacha, na n-aschur agus na gceanglas tuairiscthe imlínithe sna comhaontaithe maoinithe
- Cur i ngníomh córas rioscaí a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu laistigh de chláir mhaoinithe
- Athfhorbairt ar Ionad Oiliúna Tivoli

7. AIDHM STRAITÉISEACH – A CHINNTIÚ GO BHFUIL TACAÍOCHT AG AN tSEIRBHÍS A hAIDHMEANNA STRAITÉISEACHA A BHAINT AMACH TRÍ THAIGHDE, TRÍ OILIÚINT AGUS TRÍ FHORBAIRT

Pleanáladh agus seachadadh na gnímh i 2010 chun cultúr foghlama leanúnach agus deachleachtais a chur chun cinn laistigh den tSeirbhís Phromhaidh. Tugadh faoi réimse deiseanna chun dul i ngleic le tionscnaimh thaighde bainteach le cleachtas éifeachtach agus bhí idirchaidreamh le hinstidiúidí acadúla ar bun ar feadh na bliana. Rinneadh ionadú don tSeirbhís chomh maith ar an mBord Chláraithe Obair Shóisialta.

Forbraíodh cláir oiliúna táilliúrtha chun tacú le cur i ngníomh polasaithe in eochair-réimsí obair na Seirbhíse, ina n-áirítear foréigin teaghlaigh, obair le mí-úsáideoirí substaintí agus bainistiú iarchiontóirí. Forbraíodh agus rinneadh píolótú ar roinnt tionscnamh nua, a raibh e-fhoghlaim san áireamh iontu.

I rith 2010, bhí san áireamh sa ghníomh suntasach in aghaidh an chuspóir Straitéiseach seo:

- Foisiú Imleabhar 7 d'Iris Phromhaidh na hÉireann a seoladh i mí Dheireadh Fómhair 2010
- Tús le Club Irise Lóin don fhoireann le topaicí ar nós Ciontóirí Ban agus obair an Chúirt Dhrugaí
- Rannpháirtíocht ar an mBord Cláraithe Obair Shósialta
- Creat do bhainistiú sonrach de chiontóirí ar ardriosca a ndearnadh píolótú ar leis an bhfoireann
- Seachadadh oiliúint Bhainistithe
- Idirchaidreamh le Coimisiún Tacaíocht d'Íospartaigh Iúil 2010.

8. AIDHM STRAITÉISEACH – STRUCHTÚIR CHORPARÁIDEACHA ÉIFEACHTÚLA AGUS ÉIFEACHTACHA

Bhí úsáid éifeachtúil agus éifeachtach acmhainní agus pearsanra criticiúil i 2010 mar gur lean an tSeirbhís Phromhaidh ar aghaidh ag freagairt go réamhghníomhach chuig an dúshlán atá ann mar gheall ar an moratóir ar earcú san Earnáil Phoiblí agus an polasaí ath-thosaíochtú. Mar chuid dár dtiomantas do thimpeallacht oibre dhearfach agus chomhbhách a chur chun cinn go gníomhach, cheap an Scéim Duine Ainmnithe Teagmhála 9 nduine nua teagmhála, ar ionadaithe iad ar gach grád, agus athsheoladh an scéim i mí Mheán Fómhair 2010

D'éascaigh tábhacht na cuntasachta trí chórais láidre bhainistithe airgeadais agus faisnéis sonraí agus bainistithe ar ardchaighdeán oibriúchán mín na heagraíochta. I rith 2010, d'fhorbair an tSeirbhís múnla costála chun Costas Aonaid in aghaidh na Tuairisce chuig an gCúirt agus Costas Aonaid ar Mhaoirseacht a thomhais.

I rith 2010, bhí san áireamh sa ghníomh suntasach in aghaidh an chuspóir Straitéiseach seo:

- Deiseanna soláthair roinnte chun costas earraí agus seirbhísí a laghdú.
- Maoirseacht bhainistithe airgeadais ar chláir phobail maoinithe ag an tSeirbhís Phromhaidh
- Cóimheas ar obair fhaisnéis achoimre chun obair le ciontóirí náisiúnach coigríche
- Rannpháirtíocht sheirbhíse sa chlár Willing Able Mentoring; clár taithí oibre meantórtha ag ofráil suas go dtí sé mhí taithí oibre do chéimithe faoi mhíchumas.
- Forbairt agus rolláil amach de Chóras Rianaithe Ualach Oibre (CRUO) go náisiúnta chun faisnéis bhainistithe a fheabhsú.
- Athbhreithniú Sláinte agus Sábháilteachta d'obair le cliaint ar ardriosca sa tSeirbhís Phromhaidh

SEACHADADH SEIRBHÍSÍ

Soláthraíonn an tSeirbhís Phromhaidh seirbhísí d'idir chiontóirí aosacha agus óga, sa phobal agus faoi choinneáil. Inár n-obair le ciontóirí tá sé mar aidhm againn sábháilteacht an phobail a mhéadú agus cosc a bheith ar íospairt trí chontóirí a inspreagadh, dúshláin a chur rompu agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun saol saor ó choireacht a chaitheamh. Tá ár seirbhísí eagraithe go náisiúnta agus seachadta go háitiúil le soláthar maoirseacht phromhaidh, seirbhís pobail, cláir iompar frithchiontacha agus agus seirbhísí tacaíochta speisialaithe.

Tá 4 phríomhréimse ina seachadaimid seirbhísí. Is iad:

- Maoirsiú & Measúnú Ciontóra Aosach
- Promhadh Dhaoine Óga
- Seirbhís Pobail
- Tionsnaimh Phobail (Eagraíochtaí Pobalbhunaithe atá ag fáil maoinithe).

1 Measúnú, Maoirsiú agus Bainistiú ar Chiontóirí Aosacha

I rith na bliana, dhéileáil an tSeirbhís le 14,926 ciontóir sa phobal. Cé gur leanamar ar aghaidh ag freagairt d'iarratais dár seirbhísí ó chúirteanna agus eile, ba sprioc uileghabhálach a bhí againn i 2010 ná tosaíochtú a dhéanamh ar an úsáid ba éifeachtaí dár seirbhísí. Chuaigh an tSeirbhís i gcomhairle leis na Breithiúna agus geallshealbhóirí eile chun a chinntiú gur baineadh amach an luach ab fhearr ó acmhainní na Seirbhíse i gcomhlánú tuairiscí do Chúirteanna. Tá dul i ngleic agus dul i gcomhairliúchán leis na Cúirteann agus leis na Breithiúna, mar chuid de thosaíochtú na Seirbhíse mar léargas ar an athrú seo. I rith na bliana bhí athrú ar phátrún na n-atreoruithe chuig an tSeirbhís ó na Cúirteanna le 8,934 atreorú; laghdú de 741 ón mbliain roimhe sin.

Tá measúnú bunúsach d'obair na Seirbhíse agus chomhlánaigh an tSeirbhís iomlán de 13, 107 tuairisc i rith na bliana. Rinneadh anailís ar fhaisnéis bhainistithe ón ionstraim measúnú riosca ar-líne i ndáil le leibhéil riosca ciontóra ar bhonn foirne, réigiúnach agus náisiúnta agus cuireadh tús le hobair i 2010 chun réimse níos leithne cláir mhaoirseachta do chiontóirí bunaithe ar a rioscaí agus riachtanais aonair a chur ar fáil. Úsáideann an cur chuige seo acmhainní na Seirbhíse chuig a mbarrmhaitheas, trí ionchur chuig na cliaint ar riosca íseal a laghdú chuig leibhéal dóthanach, an fhad is go bhfuil níos mó acmhainní de réir comhréire á leithdháileadh chuig measúnú, inspreagadh agus oibriú le cliaint ar mheán agus ardriosca, lena bhfuil an chosúlacht ann go mbeadh an tionchar is mó againn orthu cahbrú leo iompú ón gcoireacht.

Tá Oifigigh Phromhaidh i bpríosúin ag obair go príomha le príosúnaigh lena bhfuil freagracht reachtúil ag an tSeirbhís dóibh, ina n-áirítear iad siúd atá ar Orduithe Maoirseachta Phianbhreithe ar Pháirtfhionraithe (OMPPanna) Orduithe Maoirseachta i ndiaidh scaoileadh (OMSanna) agus príosúnaigh ar Théarmaí Saoil agus atá incháilithe don Bhord Parúil. Lean an tSeirbhís ar aghaidh ag obair i bpáirtnéireacht le Seirbhís Phríosún na hÉireann chun tacú le cur i ngníomh agus forbairt chóras Bainistiú Pianbhreith Comhtháthaithe.

2 Promhadh Dhaoine Óga

Leanann Promhadh Dhaoine Óga (PDÓ) ar aghaidh ag obair le Cúirteanna na Leanaí, ag soláthar comhairle, measunuithe agus maoirseachta ar orduithe chun oibríocht leanúnach dá fheidhmeanna faoin Acht Leanaí 2001, (mar a leasaíodh), a chinntiú. Sa réimse ríthábhachtach seo, thógamar ar ár bpáirtnéireachtaí lenár gcomhleacaithe san FSS, an Garda Síochána agus Scoileanna Coinneála Leanaí chun a chinntiú go bhfuil na Cúirteanna solártha leis an eolas is fearr atá ar fáil chun cur ar eolas a gcinntí, ag cinntiú gurb í an choinneáil an rogha deiridh. Áit a gcinntear go bhfuil coinneáil riachtanach, chabhraíomar go mór le tríd-chúram an daoine óig, idir phointe iontrála na coinneála, i rith tréimhse na coinneála agus ar fhilleadh chuig an bpobal.

Ba bhliain spreagúil a bhí i 2010 mar gur cuireadh le seirbhísí do dhaoine óga, ag cur lenár moil ainmnithe trí chomhtháthú lenár seirbhísí Aosacha, ag soláthar réimse speisialaithe níos leithne go náisiúnta. Trí pháirtnéireacht lenár n-eagraíochtaí pobalbhunaithe maoinithe agus tionscnaimh phobail eile tugtar tacaíocht d'oifigigh PDÓ ina mbainistiú ar chiontóirí óga agus forbairt ar na hacmhainní pobail seo agus cinntíonn sé luach ar airgead don cháiníocaitheoir. San áireamh ar sheirbhísí do dhaoine óga anásacha agus trioblóideacha agus dá dteaghlaigh tá:

- Maoirseacht agus abhcóideacht aonair ar an duine óg ag Oifigigh PDÓ
- Tacaíocht thuismitheora ó Oifigigh PDÓ
- Obair ghrúpa iompar ciontóireachta
- Obair ghrúpa chóireáil chointóireacht ghnéis
- Idirghabhálacha Ceartas Aisiríoch ag cuimsiú íospartaigh agus peirspeictiochtaí íospartacha
- Meantóireacht Dheonach chun smaointeoireacht agus iompar pró-shóisialta a fhorbairt
- Tacaíocht meantóra Tuismitheoir chuig Tuismitheoir
- Idirghabhálacha Andúile
- Forbairt scileanna sóisialta agus gairmeacha
- Spóirt agus gníomhaíochtaí eachtracha
- Comhairleoireacht
- Obair shráide for-rochtana
- Cláir chognaíoch-bhunaithe ar iompar an chiontóra (a bhfuil Dvice, clár idirlíon-bhunaithe san áireamh)

Is réamhriachtanas é cur chuige idirghníomhaireachta le bheith ag obair le daoine óga agus a dteaghlaigh agus tá PÓ tar éis páirt a ghlacadh i bhforbairt straitéise Choistí Seirbhísí do Leanaí d'Oifig an Aire Leanaí agus Cúrsaí Óige. Tá ollról imeartha againn go háitiúil ag leibhéal an choiste ag forbairt tionscnaimh idirghníomhaireachta réalacha ar nós an clár tuismitheora 'Strengthening Families', clár ilghníomhaireachta éascaithe láidreachtaí-bhunaithe do thuismitheoirí agus a leanaí.

FREASTAL AR THIONSCNAIMH PDÓ	
Rannpháirtithe Iomlána *(PDÓ, JLO, NEWB, FSS, eile)*	4841
Athreoruithe Promhadh Dhaoine Óga	2394
Ionaid Lae Ainmnithe	(3)
Meánfhreastal in aghaidh na míosa	78

3 Seirbhís Pobail

In áit téarmaí príosúin, d'fhéadfaí go dtabharfadh an Chúirt deis do chiontóirí ciontaithe os cionn 16 bliain d'aois idir 40 agus 240 uair neamhíoctha a dhéanamh do phobal. Is malairt dhíreach í Seirbhís Pobail ar théarma príosúin agus ní dhéanfaidh an Breitheamh ordú ach amháin áit a ndearnadh meas ar phianbhreith coinneála ar dtús.

Creideann an tSeirbhís Phromhaidh, áit gur cuí, go bhfuil smachtbhannaí pobail éifeachtach agus níos oiriúnaí ná coinneáil agus i 2010 thug sí tús áite do mhúnla nua do Sheirbhís Pobail. Is smachtbhanna pobail costas éifeachtach í Seirbhís Poibail a chuireann luach inmheasta le pobail agus gach bliain comhlánaítear na mílte uair neamhíoctha oibre, atá ar leas go leor pobal agus grúpaí deonacha.

I 2010, tar éis comhairliúchán fairsingíoch le geallshealbhóirí ar an múnla nua Seirbhís Pobail, bunaíodh foireann tiomnaithe seirbhís pobail le tacaíocht riaracháin feabhsaithe i mBaile Átha Cliath, ar a raibh an méid a leanas mar thoradh air:

- Méadú i líon na n-atreoruithe chuig orduithe seirbhís pobail i mórcheantar Bhaile Átha Cliath
- Leathnú amach an tionscnamh seirbhís pobail baint ghraifítí chuig limistéir Chomhairle Bhaile Átha Cliath
- Tóraíocht ghníomhach de thionscnaimh obair thimpeallachta
- Measúnú iomlán ar an múnla nua
- Píolótú ar mheasúnuithe lá céanna ag Cúirteanna Ceartas Coiriúil, Baile Átha Cliath

4 Tionscnaimh Phobail (Eagraíochtaí Pobalbhunaithe a fhaigheann maoiniú Seirbhíse)

Soláthraíonn an Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí, tríd an tSeirbhís Phromhaidh, maoiniú do 49 eagraíocht pobalbhunaithe (EPBanna) chun seirbhísí aosacha a fhorbairt agus a sheachadadh ina bpobal féin. Tá socrú cosúil in áit do Sheirbhís Cheartas Óige na hÉireann chun maoiniú a sholáthar do 15 EPB do dhaoine óga a chiontaíonn. Forbraíodh agus tacaíodh leis na tionscnaimh seo chun freastal ar riachtanais áitiúla agus obair an tSeirbhís Phromhaidh a fheabhsú in iompar dúshlánach a athrú.

Imríonn an líonra tionscnamh ról tábhachtach don tSeirbhís Phromhaidh, chomh maith le hobair phríomhshrutha, trí ghné bhreise a chur le seirbhísí agus tacaíochtaí ar féidir leis an tSeirbhís Phromhaidh a ofráil cuig ciontóirí agus a bpobail le hathchiontóireacht a laghdú agus sábháilteacht phoiblí a mhéadú.

Tá riachtanais chasta ag go leor de na ciontóirí faoi mhaoirseacht an tSeirbhís Phromhaidh ar nós fadhbanna dí nó drugaí, scileanna litearthachta agus scileanna sóisialta. Teastaíonn réimse leathan tacaíochta agus cabhrach ó na ciontóirí seo má tá siad chun roghanna níos fearr a dhéanamh dóibh féin agus a bpobail. Tá tionscnaimh speisialaithe agus seirbhísí tacaíochta ann freisin a sheachadann soláthróirí pobalbhunaithe ar nós ceartas aisríoch, meantóireacht agus cláir chiontóir gnéis.

Oibríonn an tSeirbhís Phromhaidh i bpáirtnéireacht le pobail, seirbhísí áitiúla agus eagraíochtaí deonacha chun ciontóireacht a laghdú agus chun pobail a dhéanamh níos sábháilte. Go deimhin, tá cuid mhór de bhuiséad an tSeirbhís Phromhaidh tiomanta chuig maoiniú Eagraíochtaí Pobalbhunaithe. Tacaíonn an phairtnéireacht seo le cuspóirí agus gnímh eagraíochtaí pobalbhunaithe i ndul i ngleic le pobail, i sábháilteacht an phobail a fheabhsú ag briseadh ciorcail na coireachta agus na híospairte, ag cur chun cinn athrú in iompar na gciontóirí agus ag tacú le comhtháthú dearfach iarchiontóirí.

I 2010, chur an tSeirbhís Phromhaidh níos mó ná €10 milliún maoinithe ar fáil do 49 eagraíocht pobalbhunaithe, agus chuir Seirbhís Ceartas Óige na hÉireann €5 milliún ar fáil chuig 15 EBP a thacaíonn le hobair Seirbhís Phromhaidh Dhaoine Óga.

Bhí roinnt clochmhíle shuntasach d'EPBanna maoinithe ag an tSeirbhís Phromhaidh i 2010.

Comhlánaíodh tógáil d'fhoirgneamh nua d'Ionad Oiliúna Tivoli agus osclaíodh go hoifigiúil é ar 9ú Iúil 2010. Ba é costas an tionscnaimh, a raibh scartáil an fhoirgnimh ina raibh an t-ionad bunaithe agus saoráid nua deartha-chun-feidhme a thógáil, ná €3.4 milliún agus mhaoinigh an Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí é trí an tSeirbhís Phromhaidh. Faoi bhainistiú dúthrachtach Bhord Tivoli comhlánaíodh an tionscnamh tógála in am agus ar bhuiséad.

Déanann an t-ionad nua freastal ar atreoruithe promhaidh aosacha agus Promhadh Fhaoine Óga. Soláthraíonn na cláir agus roghanna ar fad atá á n-ofráil oiliúint agus oideachas dheimhnithe chreidiúnaithe chun daoine óga a chumasú i bhfostaíocht inbhuanaithe a fháil nó rochtain ar oideachas breise agus mar sin ag laghdú an riosca d'athchiontóireacht.

Tá an dúshlán tógtha suas ag Ionad Oiliúna Tivoli chun a sheirbhísí a athfhorbairt agus a athstruchtúrú chun oiliúint, forbairt agus tacaíocht a sholáthar chun tacú le rannpháirtithe saol níos tairgiúla a chaitheamh. Beidh an tIonad mar óstach agus mar fhórsa thiománta freisin i dtionscnaimh ildhisciplíneacha, ilghníomhaireachta agus pobail, ag obair le ciontóirí le hathchiontóireacht a laghdú agus saol a athrú.

Ionad Oiliúna Tivoli, Baile Átha Cliath

Chomh maith leis sin, mharcáil Tionscnamh Mhargadh Cornmarket i Loch Garman a chuimneachán deich mbliana le comhdháil a reachtáil dar teideal "*Responding to Drugs and Criminality - ten years of the work of the Cornmarket Project".* Soláthraíonn an tionscnamh seo réimse clár do chiontóirí atá atreoraithe ag an tSeirbhís Phromhaidh.

EOCHAIRTHIONSCNAIMH I 2010 – SEIRBHÍS POBAIL

Rinneadh píolótú ar an múnla nua i gceantar Bhaile Átha Cliath ó Eanair 2010 mar chéim thosaigh chun é a thabhairt isteach go náisiúnta. Rinne an Stiúrthóir Oibríochta cur i láthair ar an múnla nua Seirbhís Pobail ag an gComhdháil Institiúid Staidéar Breithiúnach i mí na Samhna.

Mar chuid den mhúnla nua, rinne an tSeirbhís píolótú ar sholáthar tuairiscí measúnaithe lá céanna ar oiriúnacht do Sheirbhís Pobail i gCoimpléasc Cúirteanna Coiriúla Bhaile Átha Cliath ar chiontóirí gan fadhbanna suntasacha sláinte nó alcóil/drugaí. I rith na tréimhse trialach comhlánaíodh 270 tuairisc le 194 ag iompú istach ina nOrduithe Seirbhís Pobail ar an lá céanna. Léiríonn sé seo 72% ráta aistrithe agus coigilteas ollmhór in am measúnaithe agus costais don tSeirbhís Phromhaidh. Baineadh amach coigiltis i sceidealú agus am Cúirte, cúnamh dlí agus costais eile don tSeirbhís Cúirteanna agus an Garda Síochána chomh maith. Tá sé pleanáilte an tionscnamh measúnaithe Seirbhís Pobail a leathnú i 2011 chuig gach Cúirt ar fud na tíre a bhfuil Oifigigh Phromhaidh i láthair iontu.

San áireamh ar na leasanna ollmhóra tá measúnuithe níos tráthúla agus éifeachtúla, tús láithreach le hOrduithe Cúirte, láithreacht feabhsaithe ag ionaid oibre agus i líon méadaithe Orduithe ndéanamh.

- **Tosaíonn 8 as 10 Ordú Seirbhís Pobail laistigh de 10 lá d'ionduchtú**
- **Comhlánaítear 7 as 10 Ordú Seirbhís Pobail laistigh de 6 mhí**
- **Tá líon na nOrduithe Seirbhís Pobail nua suas de 34% sa limistéir píolótach**

Seachadann Seirbhís Pobail coigiltis shuntasacha airgid mar gur smachtbhanna i bhfad níos saoire atá inti seachas príosúnacht. Léiríonn anailís ar na costais bhainteacha nach bhfuil an chosúlacht air go mbeidh na costais chomhréire d'Ordú Seirbhís Pobail níos mó ná 34% de chostas malartach príosúnachta agus d'fhéadfaí é a mheas a bheith chomh híseal le 11-12%.

Tá an-leas agus luach faighte ag eagraíochtaí pobail agus tairbhithe in obair an tSeirbhís Phobail.

“Faighimid go bhfuil an tSeirbhís Phobail mar acmhainn luachmhar ar fud ár gclár ar fad. Sa 9 mí dheireanach tá Brúanna, Scoileanna, Seirbhísí Comhairleoireachta agus Ionaid Phobail athfhorbartha agus maisithe ag na foirne Seirbhís Pobaie agus ba pháirtnéireacht iontach a bhí ann san am deacair eacnamaíochta seo.”

Michael McDonagh, Bainisteoir Sinsearach, Crosscare

"Fáiltimid roimh dhaoine ar Sheirbhís Pobail, go háirithe daoine áitiúla, mar creidimid i bprionsaibil aisiríoch na hoibre seo. Cinntímid go bhfuil an obair a aithnímid indhéanta mar baineann na cliaint an-sásamh as an tústháirge agus a dheireadh dá gcuid oibre a fheiceáil. Bainimid an-leas as an bpróiseas mar déantar tascanna dúinn nach ndéanfaí ar shlí eile”.

Bainisteoir an Bhrú i mBaile Átha Í

“Oibríonn Clár Seirbhís Pobail an tSeirbhís Phromhaidh i bpáirtnéireacht le Comhairle Bhaile Cheatharlach agus Cumainn Áitritheoirí i spásanna móra glasa a chothabháil in eastáit. Cuireadh tús leis an tseirbhís i 2009 i gceann de na heastáit údarás áitiúil is sine a raibh daonra ard daoine scothaosta ann agus go leor spásanna glasa a bhí sách mór. Tá sé leathnaithe amach chuig eastáit úiaráis áitiúil eile sa limistéir RAPID áit a raibh deacracht ag cumainn áitritheoirí spásanna glasa, cúlchaolshráideanna, claiseanna agus coirnéil a chothabháil. Nuair atá na heastáit agus na spásanna glanta suas tá sé níos éasca ar chumainn áitritheoirí an chabhair a fháil ón bpobal chun coinneáil leis an obair.

Tá socruithe déanta le gníomhaireachtaí áitiúla chun go mbeadh rannpháirtithe Clár Seirbhís Pobail in ann rochtain a bheith acu ar shaoráid chun sosanna tae a bheith acu. Tugann sé seo deiseanna do dhaoine aithne a chur ar a chéile chomh maith le iarratais chuig Seirbhísí Pobail ar chabhair le tionscnaimh eile! Tá an-chaidreamh oibre dearfach forbartha idir na páirtithe ar fad, agus tá caidreamh an mhaoirseora leis na rannpháirtithe, an fhoireann i gComhairle Bhaile Cheatharlach and pobal agus na gníomhaireachtaí áitiúla mar dhlúthchuid de rathúlacht an tionscnaimh seo. Is tionscnamh an-bhainistithe é a thugann rud éigin ar ais don phobal, agus tá Comhairle Bhaile Cheatharlach sásta a bheith páirteach ann”.

Comhairle Bhaile Cheatharlach agus Cumainn Áithritheoirí

“Bhí sé níos fearr ná mar a bhí ag súil leis. Comhlánaíodh an-chuid oibre. Rinneadh é ar bhealach proifisiúnta le comhairliúchán maith. Bhí na hoibrithe agus na maoirseoirí múinte, cabhrach agus díograiseach i gcónaí agus thit siad isteach go maith i bhfeidhmiú lá go lá an Ionaid. Táimid an-bhuíoch don méid a rinneadh san Ionad”.

Mary Maguire in Ionad Ban Leitir Cenainn

EOCHAIRTHIONSCNAIMH I 2010 – CLÁIR PHOBALBHUNAITHE

Téann Seirbhísí Promhaidh i ngleic le go leor cineálacha tionscnamh agus clár pobalbhunaithe. Teastaíonn réimse leathan tacaíochta agus cabhrach ó go leor de na ciontóirí a n-oibrímid leo le roghanna níos fearr a dhéanamh agus saolta níos fearr a chaitheamh. Oibríonn an tSeirbhís Phromhaidh le líonra tionscnamh pobalbhunaithe a thacaíonn le hobair an Oifigigh Phromhaidh sa phobal. Seachadann na tionscnaimh seo réimse seirbhísí luachmhara agus tábhachtacha ina n-áirítear: meantóireacht agus comhairleoireacht; tionscnaimh cheartais aisiríocha; oideachas oiliúint agus forbairt ar scileanna fostaíochta. Cuid de na samplaí de thionscnaimh ná:

TIONSCNAMH GAIRDÍN AGUS CAIFE IONTAOBHAS POBAIL PHÁIRC AN TEAMPAILL

Is ionad oiliúna maoinithe ag an tSeirbhís Phromhaidh é Tionscnamh Pháirc an Teampaill a chuireann cláir ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar dhearcaí agus iompair fhrithshóisialta. Atreoraítear rannpháirtithe tríd an tSeirbhís Phromhaidh agus caitheann siad 2 bhliain ar ár dtionscnamh. Cuireann Tionscnamh Pháirc an Teampaill cláir aonair ar fáil atá táilliúrtha chuig riachtanas, ábaltacht agus cumas agus áirítear iontu adhmadóireacht, gairneoireacht, péintéireacht, ríomhairí, cócaireacht, miotalóireacht meicní, ranganna litearthachta spóirt agus caitheamh aimsire. Chuimsigh an tIontaobhas gairneoireacht mar chuid den chlár oiliúna thar an 10 mbliana deiridh. Le gairid, tugadh an deis an ghairneoireacht a leathnú agus a fhorbairt ar bhealach nuálach agus cruthaitheach a cuireadh ar fáil trí líonracht áitiúil. Chuir Foyer Chorcaí (roimhe seo Clochar na Deastógála) a ngairdín múrtha ar fáil do Pháirc an Teampaill, trí thacaíocht ón dá choiste bainistithe. Chuir Comhairle Chathair Chorcaí teach gloine ar stíl Victeoiriach le spás chun glasraí, crainnte torthaí, luibheanna agus éagsúlacht leathan bláthanna ar bhonn séasúrach ar fáil chomh maith. Fuarthas maoiniú POBAL chun pola-thollán a cheannach d'fhorleathantas a chuireann áit oibre chlúdaithe chomh maith. Mhéadaigh an tionscnamh seo deiseanna do dhaoine faoi oiliúint a fhaigheann taithí leathan ar gach gné do ghairneoireacht.

I rith 2010, suiteáladh Caife Gairdín sa teach gloine le tacaíocht ón tSeirbhís Phromhaidh agus Comhairle Chathair Chorcaí. Úsáideann an caife táirge úr ón ngairdín agus cuireann sé ar fáil bia ar chaighdeán maith atá tairgthe go háitiúil. Ofráileann an caife deiseanna do bheirt faoi oiliúint ar bhonn páirtaimseartha ó Luan go hAoine.

Ó osclaíodh an caife, tá an t-uafás buntáistí éagsúla ann do na rannpháirtithe. Ó thús an lagtrá eacnamaíochta, tá sé deacair socrúcháin thaithí oibre a fháil agus tá an caife an-oiriúnach mar shocrúchán. Ofráileann sé suíomh réalaíoch oibre, áit a dteastaíonn scileanna idirphearsanta, scileanna oibre agus cumas féinbhainistiú maith. Oibríonn rannpháirtithe agus an fhoireann le chéile chun na héilimh de sciuird am lóin gnóthach a bhainistiú.

Cuireadh sa bhreis le hobair Iontaobhas Pobail Pháirc an Teampaill i bpáirtnéireacht leis an tSeirbhís Phromhaidh trí Sheirbhís Pobail. Socraíodh leithdháileadh bileoga ag fógairt an chaife trí Sheirbhís Pobail.

Cuireann na tionscnaimh seo saibhreas oibre agus eispéiris scileanna saoil ar fáil do na rannpháirtithe a bhfuil gach ionchas sáraithe aige. In ainneoin na ndúshlán ar fad, tá na deiseanna glactha ag na rannpháirtithe chucu féin go hiomlán.

AISEOLAS Ó CHLIAINT

"Is breá liom a bheith ag obair anseo mar tá mo chuid misnigh méadaithe mar gheall go bhfuil orm labhairt le daoine."

"Fuair mé amach go maith liom a bheith in éineacht le daoine ar feadh an lae agus labhairt leo seachas a bheith liom féin."

"Fuair mé amach go bhfuil fios i bhfad níos mó agam ar bhia ná mar a cheap mé agus go bhfuil mé go maith aige seo".

"Is maith liom an gairdín agus an caife agus is áit shuaimhneach álainn í le bheith ag obair inti."

OBAIR I bPÁIRTÍOCHT

EOCHAIRTHIONSCNAIMH I 2010 – OBAIR I bPÁIRTÍOCHT

Aithníonn an tSeirbhís an tábhacht atá ann a chinntiú go bhfuil na caighdeáin is airde proifisiúntacha ag ár n-obair agus go dtagann sé leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr. Oibrínmid lenár gcomhleacaithe san Eoraip; ina n-áirítear eagraíochtaí promhaidh eile, chun faisnéis agus saineolas a roinnt.

Is foghrúpa é an Grúpa Comhairleach Cosaint Phoiblí den Ghrúpa Oibre Comhaontaithe Idirrialtais agus tá an Príomhoifigeach Promhaidh, Tuaisceart Éireann agus Stiúrthóir an tSeirbhís Phromhaidh mar chomhchathaoirligh air. Óstaíodh an Seimineár Tionscnaimh den Ghrúpa Comhairleach Cosaint Phoiblía ag ceanncheathrú réigiúnach an tSeirbhís Phromhaidh i Haymarket, Baile Átha Cliath ar 12 Samhain 2010. Tharla an dara cruinniú foirmeálta den ghrúpa trasteorainn aire ceartas coiriúil faoi choimirce Chomhaontú Idir-Rialtais ar Chomhordú ar Chúrsaí Ceartas Coiriúil ar an lá céanna.

Léirigh an Seimineár Tionscnaimh den Ghrúpa Comhairleach Cosaint Phoiblí an comhoibriú leathan atá ag tarlú idir na Seirbhísí Promhaidh Tuaisceart agus Deisceart.

Ag labhairt ag an seimineár, deir an tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí, an tUasal Dermot Ahern T.D. gur fháiltigh sé roimh an deis cloistéail faoin "obair iontach atá ar siúl idir an dá Sheirbhís Phromhaidh uathu siúd is mó atá bainteach léi. Léirigh imeacht an lae inniu an luach atá ann an dá chuid dhifriúil de na córais cheartas coiriúil ar ár n-oileán agus an tábhacht atá ann an cleachtas is fearr a roinnt agus faisnéis agus tuairimí polasaí a mhalartú. Tá sé soiléir go bhfuil comhoibriú iontach ar an talamh sa réimse promhaidh agus tá mé tiomanta a chinntiú go mbeidh tacaíocht aige seo, agus áit gur féidir, go mbeidh sé feabhsaithe ar son leas mhuintir iomlán na hÉireann”.

Deir Aire Dlí agus Cirt Thuaisceart Éireann, an tUasal David Ford, CTR: “Is sampla é an seimineár seo den chineál comhoibrithe idir gníomhaireachtaí ceartais choiriúil a sheachadann leasanna réalaíocha do dhaoine ar fud oileán na hÉireann”.

Chas na hAirí ar a chéile chun comhoibriú Thuaidh-Theas ar réimse cúrsaí ceartais coiriúil a phlé. Chuir na hAirí béim ar a dtiomantas chuig an leibhéal is airde comhoibrithe sa réimse ceartais agus iad ag aithint nach raibh an comhoibriú idir eagraíochtaí ceartais coiriúil ar an dá thaobh den teorainn riamh níos fearr.

RIALACHAS CORPARÁIDEACH AGUS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA

Braitheann rialachas earnáil phoiblí mhaith ar a bheith reatha leis an gcleachtas is fearr agus é a chur i bhfeidhm sa réimse earnáil phoiblí. Tá an tSeirbhís Phromhaidh tiomanta chuig na prionsaibil rialachais chorparáideach is fearr le cleachtais atá deimhnithe agus bainistithe go maith a thógann cuntas de gheallsheallbhóirí agus a chinntíonn go gcloítear le caighdeáin eitice.

Struchtúr Eagraíochtúil



Seirbhís Eagraíochtúil an tSeirbhís Phromhaidh, Nollaig 2010

Airgeadas

Leithdháileadh buiséad de €45.593 milliún ar an tSeirbhís Phromhaidh do 2010; ba é an caiteachais iarmhír ná €37.974 milliún ag seachadadh coigiltis de €7.619 milliún sa bhliain. Thug pá cuntas ar timpeall 56% de bhuiséad na Seirbhíse. Ba é an réimse eile ba shuntasaí de chaiteachas ná Seirbhísí do Chiontóirí (Reatha agus Caipitil) a thóg cuntas ar 31% den bhuiséad foriomlán.

Is í príomhaidhm Rannán Airgeadais an tSeirbhís Phromhaidh ná bainistiú airgeadais na n-acmhainní atá ar fáil don tSeirbhís Phromhaidh. Tá freagracht ag an Rannán Airgeadais do na réimsí seo a leanas:

· Bainistiú agus pleanáil airgeadais
· Tuairisciú agus smacht buiséadach laistigh den tSeirbhís Phromhaidh
· Tuairisciú Deireadh Bliana chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí

· Soláthar agus bainistiú ar chórais bainistiú airgeadais
· Bainistiú ar Chonarthaí Solártha agus Soláthróra
· Liúntais agus costais fhostaithe
· Bainistiú Airgeadais ar eagraíochtaí pobalbhunaithe maoinithe ag an tSeribhís Phromhaidh

Leanann an tSeirbhís Phromhaidh ar aghaidh ag feabhsú tuairisciú airgeadais agus córais bainistiú airgeadais a fhorbairt chun monatóireacht éifeachtach ar chaiteachas agus bainistiú agus smacht airgeadais fheabhsaithe a sheachadadh.

Costáil

D'fhorbair an tSeirbhís múnla costála chun Costas Aonaid ar Thuairiscí Measúnaithe chuig an gCúirt agus Costas Aonaid ar Mhaoirseacht a ríomh.

Tá an Costas Aonaid ar Thuairiscí Measúnaithe foriomlán chuig an gCúirt bunaithe ar shonraí 2008 achoimrithe ar an tábla a leanas:

	Tuairisc Sheirbhís Pobail	**Tuairisc Réamhcheada** **Cúirt Dúiche**	**Tuairisc Réamhcheada** **Cúirt Chuarda**
Costas Aonaid in aghaidh na Tuairisce	€244	€746	€1,056

Tá an Costas Aonaid ar Mhaoirseacht foriomlán bunaithe ar shonraí 2008 achoimrithe sa tábla a leanas:

	Ordú Promhaidh	**Maoirsiú le linn iarchur píonóis**	**Ordú Seirbhís Pobail**
Costas Aonaid in aghaidh na Tuairisce	€6,000	€5,100	€2,400

ACMHAINNÍ DAONNA

Ar feadh 2010, lean an tSeirbhís Phromhaidh ar aghaidh ag freagairt go réamhghníomhach don dúshlán a thugann an moratóir ar earcú don Earnáil Phoiblí. Chothaigh an tAonad AD seachadadh seirbhíse ag an túslíne, ag cinntiú seirbhís ar ardchaighdeán chuig gach geallseallbhóir. Bhí i gceist anseo athailíniú ar roinnt foirne agus úsáid foirne de réir clár gnó tosaíochta na Seirbhíse.

Lean an Córas Bainistiú agus Forbairt Fheidhmiúcháin ar aghaidh a bheith athlínithe le córais eile Bainistiú AD, ina n-áirítear incrimintí, oiliúint agus forbairt ghairme. Oibríonn Aonad AD an tSeirbhís Phromhaidh go dlúth le gach Stiúrthóireacht i gcur i ngníomh agus bainistiú CBFF thar gach grád foirne.

Fuair an tSeirbhís cead chun 3 mhaoirseoir seirbhís pobail a earcú mar chuid d'fhorbairt an mhúnla nua Seirbhís Pobail. Cuireadh tús leis an bpróiseas earcaithe i mí na Samhna, tharla agallaimh i mí na Nollag agus bunaíodh painéal ar mhaithe le ceapacháin a bheith déanta i dtús 2011.

Ag leanúint ar aghaidh ón suirbhé ar chiontóirí náisiúnach coigríche ar tugadh faoi i mí Bealtaine 2009, dearadh treoracha achoimre faisnéise don chéad cúig náisiúntacht a bhí ionadaithe agus cuireadh ar fáil iad don fhoireann ar fad i 2010. Cuireadh treoirlínte do dheachleachtas in obair le seirbhísí ateangaireachta le chéile chomh maith agus cuireadh ar fáil iad go náisiúnta.

SEIRBHÍS CUSTAIMÉARA

I mí an Mhárta 2010, tar éis suirbhé forleathan a rinneadh i ndeireadh 2009 san oifig Haymarket i mBaile Átha Cliath, agus Sráid Mhala Íochtair, oifig Luimnigh, d'fhoilsigh an tSeirbhís tuairisc sásamh custaiméara. Tugadh cuireadh do gach cliant a thug cuairt ar na hoifigí chun páirt a ghlacadh leis an bhfoireann riaracháin a bhí ar fáil chun cabhrú mar a bhí riachtanach.

Cinntí

- Bhí an leibhéal foriomlán sásaimh ard a léiríonn cinneadh an-dearfach don tSeirbhís Phromhaidh
- De réir an Chairt Sheirbhís Chustaiméara, cuirtear seirbhís pras agus tráthúil ar fáil do chliaint. Thuairisc cliaint go bhfuiltear ag caitheamh leo go cúirtéiseach agus ar bhealach cothrom agus oscailte. Chuir cliaint in iúl chomh maith go bhfuil siad sásta go ginearálta lena dtaithí ar an tSeirbhís Phromhaidh.
- Tá torthaí ar chuid de na heochairchesteanna léirithe ar ghraifeanna ar an gcéad leathanach eile.

Moltaí ag eascairt ón suirbhé

